Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Bealtaine 2026
(OR. en)

8732/26

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0447 (COD)**

CODEC 809
VETER 64
AGRI 328
AGRILEG 108

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le leas madraí agus cat agus a n-inrianaitheacht **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 7 Nollaig 2023 chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagail 43(2) agus 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 21 Márta 2024[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a thabhairt uaidh.

4. An 28 Aibreán 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún[3]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

---

[1] 16406/23 + ADD 1.
[2] IO C, C/2024/3388, 31.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/3388/oj.
[3] 8336/26.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 2/26 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus an tSeicia ag vótáil ina choinne.

6. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ón gcruinniú den Chomhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.